www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrthóra

| |
|---|

General Certificate of Secondary Education
2010–2011

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Sábháilteacht ar Bhóithre, Radaighníomhaíocht agus an Domhan sa Spás

## Modúl 6

## Ardsraith

**[GSC62]**

GSC62

**DÉ hAOINE 20 BEALTAINE 2011, IARNÓIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**


Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| Marc Iomlán | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** Taispeánann an léaráid thíos an méid fuinnimh leictrigh a cuireadh in dhá lampa dhifriúla (**A** agus **B**) le 5 ghiúl d'fhuinneamh solais úsáideach a tháirgeadh in aghaidh an tsoicind.




*Foinse: © iStockphoto / Thinkstock*
*Foinse: © Stockbyte / Thinkstock*

**(a)** Ainmnigh an cineál fuinnimh atá á chur amú ag na lampaí.

______________________________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b) (i)** Cad é a chiallaíonn an téarma éifeachtúlacht?

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Úsáid an chothromóid:

$$\text{éifeachtúlacht} = \frac{\text{aschur fuinnimh úsáideach}}{\text{ionchur fuinnimh iomlán}}$$

le héifeachtúlacht **lampa A** a ríomh.

Taispeáin do chuid oibre.

Éifeachtúlacht = ______________ [2]

**(c)** An fhaisnéis agus do chuid eolais féin in úsáid agat, mínigh ina iomláine cad é mar a rachadh sé chun tairbhe don timpeallacht lampa A a úsáid de rogha ar lampa B.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [3]

www.xtrapapers.com

**2** Tá sé tábhachtach go mbeidh a fhios ag eolaithe cá mhéad breosla iontaise atá fágtha sa domhan. Anseo thíos tá ceithre ráiteas ar na stoic ghuail agus ola.

- In 2010 rinne eolaithe amach go raibh tuairim is 181 billiún tona ola fágtha
- In 2010 rinne eolaithe amach go raibh tuairim is 847 billiún tona guail fágtha
- Mairfidh soláthar guail an domhain tuairim is 119 bliain
- Mairfidh soláthar ola an domhain tuairim is 47 bliain

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(a)** **(i)** Úsáid an fhaisnéis le meastachán a dhéanamh ar cén bhliain a mbeidh soláthar guail an domhain ídithe.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Tá sé deacair a réamh-mheas cá fhad a mhairfidh na stoic ghuail agus ola.
Luaigh **dhá** fháth le cad chuige.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(b)** Rinneadh amach go bhfuil tuairim is 700 milliún tona ligníte sa cheantar thart ar Bhaile Monaidh.

**(i)** Is féidir go mbeidh sé ina bhuntáiste an lignít sa cheantar seo a bhaint.
Luaigh fáth **amháin** le cad chuige.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh míbhuntáiste **amháin** as lignít a bhaint sa cheantar thart ar Bhaile Monaidh.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

**(c)** Mínigh ina hiomláine an dóigh a mbíonn breoslaí iontaise á bhfoirmiú.

_______________________________________________


_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna | Athmharc

**3** Taispeánann an graf seo thíos an ceangal atá ann idir an leibhéal alcóil san fhuil agus líon na dtimpistí a bhíonn ag aoisghrúpaí difriúla.




*Foinse: © NZTA – The Influence of alcohol, age and number of passengers on the night-time risk of driver fatal injury in New Zealand by M D Keall, W J Frith & Tui L Patterson, published by Land Transport Safety Authority, NZ, 2004*

**(a)** Luaigh dhá threocht atá á léiriú sa ghraf seo.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

**(b)** Is mó seans go mbeidh timpiste ann de réir mar a théann an leibhéal alcói san fhuil in airde. Mínigh ina iomláine cad chuige.

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(c)** I dTuaisceart Éireann, is é 80 mg/100 ml an teorainn dhlíthiúil le haghaidh leibhéal an alcóil i bhfuil an tiománaí.

Cad chuige, dar leat, nach mbeadh sé praiticiúil teorainn nialasach a chur i bhfeidhm le haghaidh alcóil san fhuil?


______________________________

______________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Tá an treoluas céanna faoi 3 fheithicil ar bhóthar.




**(i)** Cé acu feithicil (**A**, **B**, nó **C**) a bhfuil an móiminteam is mó fúithi? Mínigh do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Tá mais 16 500 kg agus móiminteam 198 000 kgm/s ag feithicil C.

Úsáid an fhoirmle:

móiminteam = mais × treoluas

le treoluas na feithicle a ríomh.

Taispeáin do chuid oibre.

____________________ m/s [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Is iseatóp radaighníomhach é Teicnéitiam–99m a bhíonn in úsáid go minic in ospidéil. Sé uair an chloig an leathré atá aige.




*© Chris Priest/Science Photo Library*

Bíonn sé in úsáid le sreabhadh na fola go dtí orgáin dhifriúla sa chorp a leanúint. An dóigh a n-oibríonn sé ná go mbíonn gámaradaíocht á hastú ag Teicnéitiam–99m agus is féidir í sin a aimsiú taobh amuigh den chorp. Dhá uair an chloig a mhaireann an tástáil de ghnáth.

**(a)** Caithfear luaidhe a úsáid leis an steallaire a sciathadh. Mínigh ina iomláine cad chuige.

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(b)** Cad é a chiallaíonn an téarma leathré?

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Aithnítear go bhfuil foinse dar leathré sé uair an chloig níos fearr ná foinse dar leathré sé nóiméad nó foinse dar leathré sé seachtaine. Luaigh míbhuntáiste míochaine **amháin** a bhaineann le foinse dar:

**(i)** leathré sé nóiméad.

______________________________ [1]

**(ii)** leathré sé seachtaine.

______________________________ [1]

**(d)** Foinse dar leathré sé uair an chloig, luaigh míbhuntáiste **amháin** a bheadh ann agus í in úsáid in ospidéal.

______________________________ [1]


www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(e)** Taispeánann an tábla thíos mais Teicnéitiam–99m thar tréimhse 24 uair an chloig.

| Am/uaireanta | Mais Teicnéitiam–99m/g |
|---|---|
| 0 | 1.00 |
| 6 | 0.50 |
| 12 | 0.25 |
| 18 | 0.12 |
| 24 | 0.06 |

Breac agus tarraing líneghraf do na torthaí seo ar an eangach thíos.





[3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**5** Taispeánann an léaráid thíos na marcanna bóthair os comhair ceamara luais. Abair go bhfuil duine ag tiomáint róthapaidh. Glacann an ceamara dhá ghrianghraf a mbeidh 0.5 soicind eatarthu. Tá na marcanna bóthair 1.5 m ar shiúl óna chéile.




**(a)** Ríomh luas an chairr.

Úsáid an chothromóid:

$$\text{luas} = \frac{\text{fad}}{\text{am}}$$

____________________ m/s [3]

**(b)** Tá tiománaithe áirithe in éadan ceamairí luais ar mhaithe le cúrsaí eitice.
Mínigh cad chuige.

________________________________________

________________________________________

______________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Taispeánann an grianghraf thíos an ceamara luais Truvelo atá ag éirí níos coitianta sa Ríocht Aontaithe. Is de thosach an chairr, seachas dá chúl, a ghlacann an ceamara seo na grianghraif.




*Foinse: © Truvelo (UK) Ltd*

Tá an **cineál** ceamara seo ag éirí níos coitianta. Mínigh ina iomláine an fáth atá leis seo.

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Taispéanann an graf thíos cad é mar a bhíonn treoluas réaltraí ag athrú de réir an fhaid atá siad ón Domhan.




*Foinse:* © *NASA*

**(a)** Cuir síos ar an ghaol atá á léiriú sa ghraf.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

**(b)** Creideann cuid mhór eolaithe gur fíor í teoiric na hOllphléisce. Cuir síos ar an teoiric seo.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [3]

**(c)** Níl teoiric na hOllphléisce ach ar cheann de na tuairimí atá ann faoi fhoirmiú na Cruinne. Luaigh teoiric eile faoi fhoirmiú na Cruinne.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.